



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Iúil 2024
(OR. en)

11623/24

LIMITE

CORLX 733
CFSP/PESC 1035
RELEX 910
COARM 143
FIN 623
CONUN 147
COTER 139

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	10572/22
Ábhar:	Bearta sriantacha (Smachtbhannaí) - Nuashonrú ar Dhea-chleachtais an Aontais Eorpaigh maidir le bearta sriantacha a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach

Dea-chleachtais an Aontais Eorpaigh

maidir le bearta sriantacha a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach

	<u>Leathanach</u>
<u>Réamhrá</u>	3
<u>A. Ainmniú agus sainaithint daoine agus eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha spriocdhírithe</u>	4
I. Sainaithint daoine nó eintiteas ainmnithe	4
II. Maímh maidir le hiomrall céannachta	5
III. Díliostú	9
<u>B. Bearta sriantacha airgeadais</u>	12
I. An creat reachtach	12
II. Reo, urghabháil agus coigistiú riaracháin agus breithiúnach	13
III. Raon feidhme na mbeart sriantach airgeadais	13
IV. Ról na n-oibreoirí eacnamaíocha agus na saoránach	16
V. Faisnéis á húsáid ag na húdaráis inniúla	17
VI. Cistí	18
VII. Acmhainní eacnamaíocha	20
VIII. Úinéireacht agus rialú	23
IX. Ag gníomhú thar ceann duine, eintitis nó comhlachta	28
X. Eintitis dhlíthiúla ainmnithe	30
XI. Maoluithe	30
XII. Treoraíocht i dtaobh iarratais ar mhaoluithe a bhreithniú	32
<u>C. Toirmisc ar sholáthar earraí</u>	35
<u>D. Comhordú agus comhar</u>	35

Réamhrá

1. An 8 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Treoirínte maidir le bearta sriantacha a chur chun feidhme agus a mheas faoi chuimsiú CBES¹ (dá ngairtear na Treoirínte anseo feasta). Sna treoirínte sin, moladh comhlacht sonrach de chuid na Comhairle a thiomnú don fhaireachán ar na bearta sriantacha sin agus don obair leantach a dhéanfaí orthu. Ina dhiaidh sin, an 26 Feabhra 2004, thug Coreper sainordú do Mheitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach, sa bhreis ar an sainordú atá aici faoi láthair, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bhearta sriantacha an Aontais, ag teacht le chéile di go tréimhsiúil i bhfoirmíocht shonrach Smachtbhannaí, agus í treisithe de réir mar is gá, lena n-áirítear le saineolaithe ó na príomhchathracha. Áirítear le sainordú na foirmíochta sin dea-chleachtais a fhorbairt i measc na mBallstát agus bearta sriantacha á gcur chun feidhme acu.
2. Tá sé i gceist athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an bpáipéar seo, go háirithe chun dea-chleachtais a chur leis maidir le bearta sriantacha a chur chun feidhme.
3. Measfar gur *moltaí* ginearálta neamh-uileghabhálacha iad na Dea-Chleachtais le bearta sriantacha a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach i gcomhréir le dlí infheidhme an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme. Níl siad ceangailteach ó thaobh dlí de agus níor cheart a thuiscint go moltar leo gníomh ar bith a dhéanamh a bheadh ar neamhréir le dlíthe infheidhme an Aontais ná leis na dlíthe náisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear na dlíthe sin a bhaineann le cosaint sonraí.
4. Ní dúbláil ar an obair atá á déanamh cheana féin atá i gceist leis an bpáipéar ach príomheilimintí a shainaithint maidir le smachtbhannaí a chur chun feidhme, agus aird á tabhairt ar na nithe seo a leanas:
 - an staid shonrach laistigh de chóras dlí an Aontais Eorpaigh,
 - an t-athbhreithniú ar staid reatha chur chun feidhme smachtbhannaí arna dhéanamh ag an bhfoirmíocht RELEX/Smachtbhannaí,
 - a thábhachtaí atá sé béim a leagan ar dhea-chleachtais éagsúla atá ann cheana agus a léiríonn tosaíochtaí reatha na mBallstát.

¹ Doiciméad 15579/03 ón gComhairle, a tugadh cothrom le dáta go deireanach le 11205/12.

Sa pháipéar seo, tagraíonn an téarma ‘díolúine’ d’úsáidí nach bhfuil toirmiscthe leis na Rialacháin, ach tagraíonn ‘maolú’ d’úsáidí atá toirmiscthe mura n-údaráíonn údarás inniúil iad². Tagraíonn na focail ‘beidh’, ‘ní mór’ agus ‘tá d’oibleagáid ar’, sa pháipéar seo, d’oibleagáidí dlíthiúla cibé acu a fhorchuirtear le Rialacháin de chuid an Aontais iad nó le dlí eile náisiúnta nó idirnáisiúnta, nó le dlí eile de chuid an Aontais; Is don dea-chleachtas a thagraíonn na focail ‘ba cheart’; Agus is do mholtaí a d’fhéadfadh a bheith iomchuí, ag brath ar na himthosca agus ar dhlíthe agus nósanna imeachta ábhartha eile, a thagraíonn na focail ‘d’fhéadfadh’ agus ‘féadfaidh’.

A. Ainmniú agus sainathint daoine agus eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha spriocdhírithe

I. Sainathint daoine nó eintiteas ainmnithe

5. D’fhonn éifeachtacht beart sriantach airgeadais agus srianta ar ligean isteach a fheabhsú, agus chun fadhbanna a sheachaint a eascraíonn, gan ghá, as comhainmneacha nó ainmneacha neas-chomhionanna (baol ‘iomrall céannachta’), ba cheart a oiread aitheantóirí sonracha is féidir a bheith ar fáil tráth a dhéantar an tsainathint agus ba cheart a oiread acu is féidir a fhoilsiú tráth a ghlacfar an beart sriantach. Maidir le daoine nádúrtha, ba cheart é a bheith mar aidhm an méid a leanas a áireamh ar an bhfaisnéis, go háirithe sloinne agus céadainm (sa bhunteanga freisin nuair atá sé ar fáil), le traslitríú iomchuí mar a fhoráiltear dó i ndoiciméid taistil nó traslitríú de réir chaighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), ailiasanna, inscne, dáta breithe agus áit bhreithe, náisiúntacht, seoladh, uimhir chéannachta nó uimhir phas. I gcás ar bith, ba cheart traslitríú caighdeánach ICAO a bheith ann i gcónaí agus i ngach leagan teanga den ghníomh dlí lena bhforchuirtear na bearta sriantacha. Maidir le heintitis, ba cheart é a bheith mar aidhm an méid a leanas a áireamh ar an bhfaisnéis, go háirithe: ainm iomlán, príomháiit ghnó, áit chláráithe oifige, dáta agus uimhir an chláráithe.

² Is gnách gur i bhfoirm maoluithe nó díolúintí a thagann eisceachtaí ó smachtbhannaí Aontais. Ciallaíonn maoluithe nach féidir gníomhaíocht shrianta (toirmeasctha) a dhéanamh go dtí go mbeidh údarú deonaithe ag an údarás náisiúnta inniúil. Ciallaíonn díolúintí nach mbeidh feidhm ag srian nuair a thagann cuspóir na gníomhaíochta faoi raon feidhme na díolúine; Mar thoradh air sin, is féidir le daoine a thagann faoi raon feidhme na díolúine an gníomh idir lámha a dhéanamh gan aon mhoill.

6. Tar éis duine nó eintiteas (nádúrtha nó dlítheanach) a ainmniú, ba cheart athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na haitheantóirí chun iad a shonrú agus a fhairsingiú, agus deis a thabhairt don uile dhuine a d'fhéadfadh cur leis an iarracht sin a bheith páirteach ann. Ba cheart nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm lena áirithiú go ndéanfar an t-athbhreithniú leanúnach sin, agus an uile dhuine a d'fhéadfadh cur leis an iarracht sin rannpháirteach ann, go háirithe Cinn Misin an Aontais Eorpaigh sa tríú tír lena mbaineann, údaráis agus gníomhaireachtaí inniúla na mBallstát, agus institiúidí airgeadais. Maidir le bearta a dhíríonn ar chórais eachtracha, d'fhéadfadh gach Uachtaránacht nua iarraidh ar Chinn Misin ábhartha an Aontais Eorpaigh athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis chéannachta na ndaoine nó na n-eintiteas ainmnithe agus, i gcás inar féidir, í a leasú agus/nó a chomhlánú. Nuair a chuirfear faisnéis bhreise chéannachta leis na liosta glacfar na nuashonruithe sin de réir mar a fhoráiltear sa bhunghníomh.
7. Ba cheart na formáidí lena liostaítear daoine nó eintitis agus a n-aitheantóirí a chomhchuiibriú.

II. Maímh maidir le hiomrall céannachta

8. Má tá an fhaisnéis faoi dhuine nó eintiteas ainmnithe teoranta d'ainm an duine sin/an eintitis sin, d'fhéadfadh cur chun feidhme an ainmnithe a bheith casta go praiticiúil mar gheall ar an liosta fada spriocanna deimhneacha a d'fhéadfadh a bheith ann. Is práinní dá bharr sin go mbeadh tuilleadh aitheantóirí ann. Mar sin féin, fiú dá soláthrófaí aitheantóirí breise, d'fhéadfadh sé a bheith deacair i gcónaí idirdhealú a dhéanamh idir daoine nó eintitis ainmnithe agus neamhainmnithe. Ní féidir a chur as an áireamh go reofaí, i gcásanna áirithe, cistí ar le duine nó eintiteas nach é sprioc na mbeart sriantach é nó go n-eisiafaí duine ó chríoch Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, mar gheall gurb ionann a aitheantóirí sin agus aitheantóirí duine/eintitis ainmnithe. Ba cheart nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún lena áirithiú go mbeidh a bhfionnachtana comhréireach maidir le maímh a bhaineann le hiomrall líomhnaithe céannachta. Ba cheart do na Ballstáit, don Choimisiún, do SEGS agus don Chomhairle comhoibriú chun meaitseáil dheimhneach a bhréagnú más easpa aitheantóirí leordhóthanacha is cúis leis an meaitseáil sin.

9. Go ginearálta, ba cheart a mholadh d'oibreacha eacnamaíocha gan dul i mbun gnó le haon duine nó le haon eintiteas i gcás ina meaitseálann na haitheantóirí atá ar fáil don duine sin aitheantóirí duine nó eintitis ainmnithe go hiomlán murar léir nach é an duine ainmnithe céanna nó an t-eintiteas ainmnithe céanna é. Ba cheart do na Ballstáit, don Choimisiún, do SEGS agus don Chomhairle faisnéis a roinnt má shainaithin siad duine nó eintiteas neamhainmnithe a bhfuil aitheantóirí aige a thagann go hiomlán le haitheantóirí an duine nó an eintitis liostaithe. Ní cosaint é líon teoranta aitheantóirí a bheith ar fáil chun dul i mbun gnó le duine nó le heintiteas ainmnithe.
- 9a. Mar sin féin, tá sé tábhachtach freisin a áirithiú, maidir leis na daoine nádúrtha a lena meaitseálann aitheantóirí duine nó eintiteas ainmnithe leis na haitheantóirí atá ar fáil dóibh siúd go hiomlán, ach a mhaíonn nach iad sprioc na mbeart sriantach iad, nach mbainfear díobh na cistí atá de dhíth orthu chun freastal ar a riachtanais bhunúsacha³ tráth a dhéanfar na himscrúduithe a ndéantar cur síos orthu i míreanna 10 go 16 thíos. Mura ndéanfaí sin, d'fhágfadh sé go mbeifí ag caitheamh ar bhealach níos déine le daoine a gcruthófaí ina leith, ar deireadh, nárbh iad sprioc na mbeart sriantach iad, i gcomparáid leis na daoine arbh iad sprioc na mbeart sriantach iad i ndáiríre, sa mhéid is go bhféadfadh an dara dream sin tairbhe a bhaint as na gnáthmhaoluithe chun a mbunriachtanais a shásamh.
- 9b. Ba cheart a cheadú do na daoine nádúrtha sin, mar shampla, cuntas bainc nua a oscailt, ach ba cheart do na hoibreacha eacnamaíocha faoi seach caitheamh go réamhghníomhach leis na cistí sa chuntas sin mar chistí reoite fad atá tuilleadh imscrúduithe á ndéanamh (féach míreanna 10 go 16 thíos) maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an duine nádúrtha ainmnithe. Le linn na tréimhse eatramhaí sin, ba cheart é a bheith ar chumas na daoine nádúrtha lena mbaineann na húdaruithe ábhartha a fháil ón údarás inniúil náisiúnta. Mar sin féin, má tharlaíonn sé níos déanaí, nach n-ainmnítear iad agus nach gá údarú, cuirfear deireadh leis an reo sócmhainní agus ní bheidh gá a thuilleadh le húdaruithe. Féadfaidh na hoibreacha eacnamaíocha cosaint an chlásail neamhdhliteanais a agairt (féach mír 37 thíos) ar mhaímh a d'fhéadfaí a bheith ann go ndearna siad sócmhainní duine neamhainmnithe a reo go mícheart.

³ Sampla amháin de sin is ea rochtain ar chuntas bainc a bheith de dhíth ar dhéanaí chun iocaíochtaí leasa shóisialaigh a fháil.

a) imscrúdú arna dhéanamh ag na húdaráis inniúla

10. Má mhaíonn duine/eintiteas a bhfuil a chistí nó a hacmhainní eacnamaíocha reoite nach é sprioc na mbeart sriantach é, ba cheart dóibh dul i dteagmháil leis an institiúid airgeadais ina ndearnadh na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha a reo nó leis an údarás inniúil arna shainaithint ar na suíomhanna gréasáin atá liostaithe sna hiarscríbhinní a ghabhann le rialacháin an Aontais Eorpaigh. Má tá amhras ar institiúid chreidmheasa nó airgeadais, nó oibreoir eacnamaíoch eile, an duine/eintiteas ainmnithe é custaiméir dá gcuid, ba cheart dóibh gach foinse atá ar fáil dóibh a úsáid chun céannacht an chustaiméara sin a dheimhniú. Mura féidir leo an t-amhras a réiteach, ba cheart don oibreoir eacnamaíoch é sin a chur in iúl d'údarás inniúla an Bhallstáit ábhartha.
11. Má mhaíonn duine atá ag iarraidh dul isteach san Aontas Eorpach nach duine ainmnithe é de bhun bearta sriantacha, agus/nó nuair atá amhras ar na húdaráis teorann/inimirce an é an duine ainmnithe é i ndáiríre, tar éis dóibh gach foinse atá ar fáil dóibh a úsáid chun céannacht an duine sin a shuíomh, ba cheart do na húdaráis teorann/inimirce údarás inniúla an Bhallstáit ábhartha a chur ar an eolas faoin maíomh nó faoin amhras⁴.
12. Sa dá chás, ba cheart do na húdaráis inniúla an maíomh nó an t-amhras a scrúdú⁵.

b) Conclúid dheimhneach maidir le hiomrall céannachta

⁴ Ar uairibh, is iad na húdaráis inimirce na húdaráis inniúla.

⁵ I gcásanna ainmnithe de bhun rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, d'fhéadfadh sé gur deacair do na húdaráis inniúla scrúdú mar sin a thabhairt chun críche astu féin; sna cásanna sin, ba cheart an nós imeachta a leagtar amach in (c) (ii) a leanúint.

13. I gcás ina gcinnfidh na húdaráis inniúla, tar éis dóibh an t-ábhar a scrúdú, nach é an duine nó an t-eintiteas ainmnithe é an duine nó an t-eintiteas sin, agus na fíricí agus na himthosca ábhartha uile á gcur san áireamh acu, ba cheart dóibh an duine/an t-eintiteas a chur ar an eolas faoin bhfionnachtain agus/nó ba cheart dóibh na hoibreoírí eacnamaíocha nó na húdaráis teorann/imirce lena mbaineann a chur ar an eolas freisin. I gcás inarb iomchuí, ba cheart dóibh na Ballstáit eile, an Coimisiún, SEGS agus an Chomhairle a chur ar an eolas freisin, go háirithe ó tharla go bhféadfadh na fadhbanna céanna a bheith ag an duine/eintiteas lena mbaineann i mBallstáit eile.
14. I gcás ina gcinnfidh na húdaráis inniúla, tar éis dóibh an t-ábhar a scrúdú, maidir leis an duine/an t-eintiteas sin, *gurb é* an duine nó an t-eintiteas ainmnithe é, agus na fíricí agus na himthosca ábhartha uile á gcur san áireamh, ba cheart dóibh an duine/an t-eintiteas a chur ar an eolas, de réir mar is iomchuí, faoin bhfionnachtain agus/nó ba cheart dóibh na hoibreoírí eacnamaíocha nó na húdaráis imirce teorann/inimirce lena mbaineann a chur ar an eolas freisin.

(c) Éiginnteacht maidir le maímh

(i) Cásanna a bhaineann le bearta sriantacha uathrialacha an Aontais Eorpaigh

15. Sa chás nach bhfuil na húdaráis inniúla in ann cirte an mhaímh maidir le hiomrall céannachta a shuíomh, agus nach léir nach maíomh gan bhunús é, ba cheart na Ballstáit, an Coimisiún agus SEGS a chur ar an eolas faoin maíomh sin, nuair is ábhartha, agus ba cheart an cheist a phlé sa Chomhairle, ar bhonn tuilleadh faisnéise, más féidir, a bheidh le cur ar fáil ag an Stát a mhol go n-ainmneofaí an duine, nó ag Cinn Misin an Aontais Eorpaigh sa tríú tír lena mbaineann, de réir mar is iomchuí, d'fhonn a chinneadh an bhfuil iomrall céannachta i gceist i ndáiríre.

(ii) Cásanna a bhaineann le bearta sriantacha arna bhforchur de bhun rúin ó
Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe

16. I gcás *nach* bhfuil na húdaráis inniúla in ann cirte an mhaímh maidir le iomrall céannachta a bhunú, agus nach bhfuil an maíomh gan bhunús go follasach, ba cheart na Ballstáit agus an Choimisiún a chur ar an eolas faoin maíomh sin, i gcás inarb ábhartha. Ba cheart don Bhallstát a rinne imscrúdú ar an maíomh nó don Choimisiún dul i gcomhairle le Coiste Smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe a bunaíodh leis an Rún ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus tríd an gCoiste sin i gcás inar féidir, leis an Stát a rinne an togra maidir le hainmniú. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfaí an t-ábhar a chur faoi bhráid an Choiste sin le haghaidh cinneadh údarásach. Ba cheart aon chinneadh údarásach mar sin a chur in iúl do na Ballstáit agus don Choimisiún.

(d) Torthaí breithiúnacha

17. Má tá cinneadh déanta ag cúirt nó binse de chuid Ballstáit maidir le haon mhaímh ar iomrall céannachta, ba cheart d'údaráis inniúla an Bhallstáit sin é a chur in iúl do gach Ballstát eile, don Choimisiún agus do SEGS.

III. Díliostú

(a) díliostú maidir le smachtbhannaí uathrialacha an Aontais

18. Tá nós imeachta díliostála atá trédhearcach agus éifeachtach bunriachtanach d'inchreidteacht agus do dhlisteanacht na mbeart sriantach. D'fhéadfadh nós imeachta dá chineál feabhas a chur freisin ar cháilíocht na gcinntí liostaithe. D'fhéadfadh díliostú a bheith iomchuí i gcásanna éagsúla, lena n-áirítear fianaise ar liostú iomraill, athrú ábhartha ina dhiaidh sin ar fhíricí, teacht chun cinn fianaise bhreise, bás duine liostaithe nó leachtú eintitis liostaithe. Go bunúsach tá díliostú iomchuí i gcás nach gcomhlíontar na critéir maidir le liostú a thuilleadh.

19. Agus machnamh á dhéanamh ar iarraidh ar dhíliostú⁶, ba cheart an fhaisnéis ábhartha uile a chur san áireamh. Cé is moite d'iarrataí ar dhíliostú a thíolacadh, déanfar athbhreithniú rialta, dá bhforáiltear sa ghníomh dlíthiúil ábhartha, a mbeidh na Ballstáit uile páirteach ann, chun scrúdú a dhéanamh féachaint an bhfuil forais ann i gcónaí chun duine nó eintiteas a choinneáil ar an liosta.
20. Agus athbhreithnithe rialta mar sin á n-ullmhú, ba cheart a iarraidh ar an Stát a mhol an liostú a thuairim a thabhairt maidir leis an ngá atá leis an t-ainmniú a choimeád agus ba cheart do na Ballstáit uile a bhreithniú an bhfuil faisnéis ábhartha bhreise acu atá le cur ar aghaidh. Ba cheart aon chinneadh maidir le díliostú a chur chun feidhme chomh tapa agus is féidir.
21. Féadfaidh daoine agus eintitis liostaithe imeachtaí a thionscnamh in aghaidh gnímh a díriodh orthu⁷. Éistear na himeachtaí sin i gCúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh. Éisteanann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh achomharc i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta.⁸

⁶ Chun sonraí nós imeachta a fháil maidir le hiarrataí ar dhíliostú i ndáil le bearta uathrialacha an Aontais, féach na Treoirínte, mír 19 agus mír 20 d'Iarscríbhinn I.

⁷ Chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur féidir tríú Stát a cháiliú mar 'duine dlítheanach' a bhfuil tionchar díreach ag smachtbhannaí an Aontais air, agus gur féidir leis caingeann le haghaidh neamhniú a thionscnamh cé nach bhfuil ceart cómhálartach ag an Aontas Eorpach os comhair cúirteanna tríú Stáit (Veiniséala v. an Chomhairle, C-872/19 P)

⁸ Mar shampla, chinn an Chúirt Bhreithiúnais maidir le hachomharc, i gcás ina nglactar cinneadh liostaithe de chuid an Aontais agus ina ndéantar é a athnuachan de bhun imeachtaí in aghaidh an duine liostaithe arna dtionscain ag tríú Stát, nach mór don Aontas a léiriú go mbaineann an duine leas as leibhéal cosanta, ó thaobh cearta na cosanta agus an athbhreithnithe breithiúnaigh éifeachtaigh de, atá comhionann leis an gcosaint a thugtar san Aontas (Azarov v. an Chomhairle, C-530/17 P).

22. Ní ghabhfaidh éifeacht le neamhniú na ngníomhartha lena bhforchuirtear bearta sriantacha i gcoinne duine nó eintitis díreach tar éis an bhreithiúnais a rinne an Chúirt mura luaitear sin go sainráite sa bhreithiúnas. Cloítear le héifeachtaí aon ghníomhartha a neamhníodh ar an gcéad ásc go dtí go dtéann an tréimhse chun achomharc a dhéanamh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in éag (2 mhí agus 10 lá ón dáta ar tugadh fógra faoin mbreithiúnas). Le linn na tréimhse sin, is féidir leis an institiúid ábhartha de chuid an Aontais na sáruithe arna mbunú a leigheas trí bhearta sriantacha nua a ghlacadh, más iomchuí, i ndáil leis na daoine agus leis na heintitis lena mbaineann. De rogha air sin, féadfaidh institiúid an Aontais achomharc a dhéanamh, agus sa chás sin beidh an liostú i bhfeidhm ina iomláine go dtí go ndéanfar an t-achomharc. Tar éis na tréimhse 2 mhí agus 10 lá sin, tiocfaidh deireadh leis na bearta sriantacha i gcoinne an duine nó an eintitis sin, nó d'fhéadfadh lánfheidhm a bheith acu, ag brath ar cibé acu a chinnfidh nó nach gcinnfidh an institiúid nó gníomhaithe eile aon cheann de na céimeanna thuasluaite a thabhairt.

b) díliostú sna Náisiúin Aontaithe (pointe fócais, an tOmbudsman)

23. An 19 Nollaig 2006, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe rún 1730 (2006) lenar bhunaigh an tArdrúnaí pointe fócais laistigh den Ardrúnaíocht chun iarratais ar dhíliostú a fháil. Is féidir le hachainígh, seachas iad siúd a bhfuil a n-ainmneacha inscríofa ar Liosta Smachtbhannaí Al-Qaida, iarrataí díliostaithe a chur isteach tríd an bpointe fócais nó trína Stát cónaithe nó saoránachta. Is féidir le hachainígh a bhfuil a n-ainmneacha inscríofa ar Liosta Smachtbhannaí Al-Qaida a n-iarrataí díliostaithe a chur isteach trí Oifig an Ombudsman⁹.
24. Má dhíliostaítear duine de liosta smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe, déantar leasuithe ábhartha ar ghníomhartha dlíthiúla comhfhreagracha an Aontais.

⁹ Chun sonraí nós imeachta a fháil maidir le hiarratais ar dhíliostú i ndáil le bearta na Náisiún Aontaithe, féach <http://www.un.org/sc/committees>.

B. Bearta sriantacha airgeadais

I. An creat reachtach

25. Tá rialacháin an Aontais lena bhforchuirtear bearta reo infheidhme go díreach i mBallstáit an Aontais agus ní gá iad a thrasú sa dlí náisiúnta. Mar sin féin, le rialacháin maidir le smachtbhannaí ceanglaítear ar na Ballstáit reachtaíocht a ghlacadh lena bhforáiltear do phionóis mar gheall ar bhearta sriantacha a shárú. Foráiltear leo freisin go n-ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla dá dtagraítear sna rialacháin agus go sainaithneoidh siad na húdaráis sin ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear sna hianscríbhinní a ghabhann leis na rialacháin, agus d'fhéadfaí tuiscint as sin go ndéanfaí bearta cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. De bhreis ar reachtaíocht arna ghlacadh ag an Aontas, ba cheart do na Ballstáit, más gá, creat reachtach, dlíthe nó rialacháin breise a bheith i bhfeidhm acu chun cistí agus sócmhainní airgeadais agus acmhainní eacnamaíocha daoine agus eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha ar an leibhéal náisiúnta a reo, lena n-áirítear daoine nó eintitis a bhfuil baint acu le gníomhartha sceimhlitheoireachta, agus chun cosc a chur ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine nó eintitis mar sin nó ar mhaithe leo, go háirithe trí bhíthin bearta reo riaracháin agus/nó trí úsáid a bhaint as orduithe reo breithiúnacha a bhfuil éifeachtaí coibhéiseacha acu. Ba cheart an méid sin a bheith i gcomhréir le caighdeáin ábhartha an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (TFGA), go háirithe Moladh 6 maidir le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus le maoiniú na sceimhlitheoireachta¹⁰.
26. Ba cheart do bhearta mar sin a chur ar chumas na n-údarás náisiúnta reo a ordú agus a fháil gan mhoill maidir le gach ciste agus acmhainn eacnamaíoch ar leis an duine nó leis an eintiteas ainmnithe laistigh de dhlínse an Bhallstáit lena mbaineann iad, nó atá faoina rialú nó i seilbh an duine nó an eintitis sin, agus go bhféadfaí díriú freisin ar dhaoine agus ar eintitis a bhfuil a bhfréamhacha, a bpríomhghníomhaíochtaí agus a gcuspóirí laistigh den Aontas Eorpach acu. Ba cheart dóibh freisin bonn a sholáthar chun bearta a reo ar feitheamh cinnteoireacht maidir le bearta de chuid an Aontais lena gcuirtear rúin Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun feidhme.¹¹

¹⁰ Cuimsíonn caighdeáin TFGA na Daichead Moltaí maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta agus an Iomadú a Chomhrac, atá ar fáil ag <https://www.fatf-gafi.org/media/fatf/documents/recommendations/pdfs/fatf%20recommendations%202012.pdf>

¹¹ Gan dochar do rialachán de chuid an Aontais a ghlacadh maidir le bearta sriantacha i gcoinne sceimhlitheoireachta inmheánaí an Aontais, bunaithe ar Airteagal 75 CFAE.

27. Leagtar amach sna codanna seo a leanas dea-chleachtas maidir le bearta reo an Aontais a chur chun feidhme agus is féidir leo freisin treoraíocht ábhartha a thabhairt maidir le bearta náisiúnta reo a chur chun feidhme.

II. Reo, urghabháil agus coigistiú riaracháin agus breithiúnach

28. I dtéarmaí ginearálta, d'fhéadfaí reo riaracháin a mheas go príomha mar ghníomh lena gcuirtear bonn ar fáil chun cosc cuimsitheach a chur ar gach úsáid a bhaintear as cistí reoite agus acmhainní eacnamaíocha agus ar gach idirbheart a dhéanann duine nó eintiteas, arna ainmniú ag údarás inniúil. Ní mór reo riaracháin a idirdhealú ó chalcadh, urghabháil agus coigistiú breithiúnach nach féidir a fhorchur faoi raon feidhme beart sriantach, mar bheart forfheidhmiúcháin náisiúnta amháin.
29. Má fhoráiltear leis an reachtaíocht náisiúnta maidir le pionóis is infheidhme i gcás smachtbhannaí a shárú¹², féadfar reo coisctheach, urghabháil choisctheach agus coigistiú coisctheach a chur i bhfeidhm mar phionós as bearta sriantacha a shárú.

III. Raon feidhme na mbeart sriantach airgeadais

30. I gcomhthéacs Rialacháin an Aontais, áirítear i mbearta sriantacha airgeadais na bearta a leanas::
- cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine agus eintiteas ainmnithe a reo, agus
 - toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine agus do na heintitis sin.
31. I ngach Rialachán, sainmhínítear na téarmaí 'cistí a reo', 'acmhainní eacnamaíocha a reo', 'cistí' agus 'acmhainní eacnamaíocha' agus soláthraítear díolúintí agus maoluithe ó na bearta sin. Leagtar amach sna Treoirínte roinnt foclaíochta caighdeánaí chun na críche sin.

¹² Mar sin féin, le rialacháin maidir le smachtbhannaí ceanglaítear ar na Ballstáit reachtaíocht a ghlacadh lena bhforáiltear do phionóis mar gheall ar bhearta sriantacha a shárú, féach mír 19.

32. Ní bhíonn athrú ar úinéireachta na gcistí reoite ná na n-acmhainní eacnamaíocha i gceist le bearta sriantacha airgeadais agus ní bearta pionósacha iad.
33. A luaithe a bheidh siad i bhfeidhm, sáróidh na Rialacháin lena bhforchuirtear bearta reo gach socrú conarthach neamh-chomhoiriúnach. Beidh feidhm ag na Rialacháin sin d'ainneoin aon cheart a tugadh nó aon oibleagáidí dá bhforáiltear in aon chonradh a rinneadh sular tháinig siad i bhfeidhm agus cuirfidh siad bac ar ghníomhartha lena gcuirfí i gcrích conarthaí a rinneadh roimh theacht i bhfeidhm na Rialachán.¹³
34. Cumhdaíonn an reo na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile ar le daoine nó eintitis ainmnithe iad nó atá faoi úinéireacht daoine nó eintiteas ainmnithe, agus na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha sin atá i seilbh nó faoi rialú na ndaoine agus na n-eintiteas sin. Ba cheart sealbhú nó rialú a fhorléiriú mar shealbhú nó rialú a chuimsíonn gach cás ina bhfuil duine nó eintiteas ainmnithe in ann, gan teideal úinéireachta a bheith aige, cistí nó acmhainní eacnamaíocha nach leis nó léi a dhiúscairt nó a aistriú go dleathach, gan aon ghá le formheas roimh ré ón úinéir dlíthiúil. Meastar go sealbhaíonn nó go rialaíonn duine ainmnithe cistí nó acmhainní eacnamaíocha, *inter alia*, más rud é:
- (a) go bhfuil nótaí bainc nó deimhnithe fiachais aige nó aici arna n-eisiúint chuig iompróir,
 - (b) go bhfuil earraí sochorraithe aige nó aici ina áitreabh nó ina háitreabh ar leis nó léi i gcomhpháirt le duine nó eintiteas neamhainmnithe iad,
 - (c) go bhfuil lánchumhachtaí nó cumhachtaí dá samhail faighte aige nó aici chun ionadaíocht a dhéanamh don úinéir, lena gceadaítear dó nó di a ordú go n-aistreofar cistí nach leis nó léi (e.g. chun cuntas bainc sonrach a bhainistiú), nó
 - (d) gur tuismitheoir nó caomhnóir é nó í a riarann cuntas bainc mionaoisigh de réir an dlí náisiúnta is infheidhme.
- Forbraítear i Roinn B, Cuid VIII na coincheapa úinéireachta agus rialaithe i gcomhthéacs an toirmisc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil.

¹³ Breithiúnas Möllendorf, C-117/06, AE:C:2007:596, mír 62.

35. I bprionsabal, níor cheart don reo difear a dhéanamh do chistí agus acmhainní eacnamaíocha nach le daoine nó eintitis ainmnithe iad ná nach bhfuil ina seilbh ná á rialú acu. Dá bhrí sin, mar shampla, ní chumhdaítear na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha ar le fostóir neamhainmnithe duine ainmnithe iad, ach amháin má tá siad faoi rialú nó i seilbh an duine sin. Ar an gcaoi chéanna, ní chumhdaítear cistí agus acmhainní eacnamaíocha ar le heintiteas neamhainmnithe iad i gcás inar pearsantachtaí dlítheanacha ar leithligh iad na pearsantachtaí atá aige agus ag duine ainmnithe nó ag eintiteas ainmnithe agus mura bhfuil na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha faoi rialú nó i seilbh an duine nó an eintitis sin. Mar sin féin, cumhdaítear ina n-iomláine, i gcleachtas, cistí agus acmhainní eacnamaíocha atá faoi chomhúinéireacht duine nó eintitis ainmnithe agus duine nó eintitis nach bhfuil ainmnithe.
36. Féadfaidh an duine nó an t-eintiteas neamhainmnithe údarú a iarraidh ina dhiaidh sin chun na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha sin a úsáid, agus féadfaidh an chomhúinéireacht a bhriseadh ionas go mbeifear in ann scair an duine neamhainmnithe a dhíreo.

Neamhdhliteanas

37. Aon duine nó eintiteas a dhéanann reo sócmhainní, agus é ag gníomhú gan fhaillí agus de mheon macánta go bhfuil gníomhaíocht mar sin i gcomhréir le Rialachán, ní bheidh an duine ná an t-eintiteas sin faoi dhliteanas¹⁴ *vis-à-vis* an duine nó an t-eintiteas dá ndéantar difear. Ní fhéadfaidh gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag daoine agus ag eintitis a bheith ina gcúis le dliteanas mura raibh a fhios ag na daoine nó ag na heintitis sin go sárófaí bearta sriantacha leo, nó mura raibh cúis réasúnach acu le hamhras a bheith orthu go ndéanfaí sin. Chuige sin, cuireadh isteach clásal neamhdhliteanais i bhformhór na Rialachán agus leagadh amach foclaíocht chaighdeánach i gCuid III G de na Treoirlínte.

¹⁴ Lena n-áirítear, ar bhonn coiriúil, féach breithiúnas in Mohsen Afrasiabi agus daoine eile i gCás C-72/11, AE:C:2011:874, mír 55).

38. Aon duine nó eintiteas a chomhlíonfaidh na hoibleagáidí faoi na Rialacháin, ní bheidh siad faoi dhliteanas *vis-à-vis* duine ainmnithe nó eintitis ainmnithe i leith aon damáiste a d'fhéadfadh an duine nó an t-eintiteas sin a fhulaingt mar thoradh air sin. Is faoin duine atá ag iarraidh an t-éileamh sin a fhorfheidhmiú a bheidh sé a chruthú nach dtoirmeasetar éileamh mar sin a chúiteamh. Chuige sin, cuireadh isteach clásal neamhnaithe éilimh i roinnt Rialachán agus leagadh amach foclaíocht chaighdeánach i gCuid III H de na Treoirlínte.

IV. Ról na n-oibreoirí eacnamaíocha agus na saoránach

39. Tá feidhm ag rialacháin lena bhforchuirtear bearta reo, *inter alia*, maidir le heintitis dhlíthiúla an Aontais Eorpaigh agus oibreoirí eacnamaíocha eile, lena n-áirítear institiúidí airgeadais agus creidmheasa, a dhéanann gnó go hiomlán nó i bpáirt san Aontas, agus maidir le náisiúnaigh an Aontais Eorpaigh.
40. Leis an reachtaíocht chun sciúradh airgid a chomhrac, forchuirtear ceanglais áirithe ar ghnólachtaí agus ar ghairmeacha áirithe céannacht custaiméirí a fhíorú agus idirbhearta anaithnide a sheachaint in imthosca áirithe. I gcásanna áirithe, féadfaidh na Rialacháin lena bhforchuirtear bearta sriantacha airgeadais oibleagáidí breise a chruthú d'oibreoirí eacnamaíocha aithne a bheith acu a chur ar a gcuid custaiméirí. Chun na críche sin, féach freisin Roinn B Cuid VIII maidir le húinéireacht agus rialú.

41. Tá sé d'oibleagáid ar na daoine agus ar na heintitis uile atá faoi réir dhlínse an Aontais na húdaráis inniúla a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis atá ar fáil acu agus a d'éascódh cur i bhfeidhm na mbeart sriantach airgeadais. Áirítear leis sin sonraí faoi aon chuntas reoite (sealbhóir cuntais, uimhir, luach na geistí reoite), agus sonraí eile a d'fhéadfadh a bheith úsáideach, e.g., sonraí maidir le céannacht daoine nó eintiteas ainmnithe agus, i gcás inarb iomchuí, sonraí maidir le haistrithe isteach a mbeadh mar thoradh orthu airgead a chur i gcuntas reoite i gcomhréir leis na socruithe sonracha d'institiúidí airgeadais agus creidmheasa, iarrachtaí arna ndéanamh ag custaiméirí nó ag daoine eile cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhuine nó eintiteas ainmnithe gan údarú, agus faisnéis a thugann le fios go bhfuiltear ag dul timpeall ar na bearta reo. Ina theannta sin, tá sé d'oibleagáid orthu comhoibriú leis na húdaráis inniúla agus chun an fhaisnéis a fhíorú. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfaidís mionsonraí a sholáthar freisin maidir le daoine agus eintitis a bhfuil ainmneacha acu atá an-chosúil nó atá comhionann le páirtithe ainmnithe.

V. Faisnéis á húsáid ag na húdaráis inniúla

42. Foráiltear leis na Rialacháin nach bhféadfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis a fhaigheann siad a úsáid ach amháin chun na gcríoch dár soláthraíodh í. Áirítear ar na críocha sin cur chun feidhme éifeachtach na mbeart agus forfheidhmiú an dlí a áirithiú agus, i gcás ina bhforáiltear sa Rialachán, comhar le coiste smachtbhannaí ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe. Dá bhrí sin, mar a fhoráiltear i Rialacháin ábhartha nó faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha, ceadáitear do na húdaráis inniúla an fhaisnéis a mhalartú le, *inter alia*:

- an Coimisiún, an Chomhairle, SEGS agus údaráis inniúla na mBallstát eile,
- údaráis forfheidhmithe dlí, cúirteanna agus binsí ábhartha atá i gceannas ar fhorfheidhmiú na Rialachán lena bhforchuirtear bearta reo agus reachtaíocht chun sciúradh airgid a chomhrac,
- údaráis imscrúdaithe agus ionchúisimh eile,
- an coiste smachtbhannaí inniúil de chuid na Náisiún Aontaithe, agus,
- a mhéid is gá chun na bearta sriantacha airgeadais a chur i bhfeidhm nó chun sciúradh airgid a chosc, institiúidí creidmheasa agus airgeadais.

43. Níor cheart cosc a chur ar na húdaráis inniúla faisnéis a roinnt, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, le húdaráis ábhartha tríú stáit ábhartha agus lena chéile i gcás inar gá sin chun cabhrú le míleithreasú sócmhainní a aisghabháil. Foráiltear leis na Rialacháin go roinnfidh na húdaráis inniúla agus an Coimisiún faisnéis ábhartha lena chéile¹⁵.

VI. Cistí

(a) Cistí a reo ar le duine nó le heintiteas ainmnithe iad nó a shealbhaíonn, a choinníonn nó a rialaíonn duine nó eintiteas ainmnithe iad

44. Murab ionann agus coigistiú, ní dhéanann reo difear d'úinéireacht na gcistí lena mbaineann. Maidir le daoine a shealbhaíonn nó a rialaíonn cistí a shealbhaíonn duine ainmnithe nó eintitis ainmnithe (e.g. má tugadh na cistí ar láimh d'institiúid creidmheasa mar chomhthaobhacht), ní cheanglaítear orthu scor den sealbhú nó den rialú sin, ná údarú a fháil chun leanúint leis an sealbhú nó leis an rialú.
45. Bíonn údarú roimh ré de dhíth maidir le húsáid cistí agus déileáil leo, maidir le cistí a bhogadh agus athruithe a dhéanamh orthu amhail bainistiú punainne, gan beann ar cé acu is duine ainmnithe nó duine eile a shealbhaíonn nó a rialaíonn na cistí sin. Ní chealaítear an ceanglas sin i gcás cistí atá faoi chomhúinéireacht, cé nach reoítear maoin is maoin tríú páirtí inti féin faoi na Rialacháin.
46. Féadfaidh creidiúnaithe duine ainmnithe nó eintitis ainmnithe a n-éilimh airgeadais (i.e. éilimh ar sochar airgeadais iad) in aghaidh an duine ainmnithe nó in aghaidh an eintitis ainmnithe a aistriú gan údarú chuig aon duine neamhainmnithe. Teastaíonn údarú ón duine ainmnithe nó ón eintiteas ainmnithe, áfach, chun an t-éileamh airgeadais in aghaidh aon duine eile nó eintiteas eile a aistriú chuig aon duine eile.

¹⁵ Féach, mar shampla, Mír 3 d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 270/2011 ón gComhairle an 21 Márta 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Éigipt.

47. Toirmiscear ar dhuine nó eintiteas ainmnithe, nó duine nó eintiteas neamhainmnithe i gcás éilimh in aghaidh duine ainmnithe nó eintitis ainmnithe, ceart fritháirimh a fheidhmiú mura dtugtar údarú roimh ré.
48. Ní údaraítear leis na Rialacháin airgead tirim ná cistí atá ar iompar ag duine ainmnithe a choigistiú; d'fhéadfadh coigistiú den sórt sin a bheith iomchuí in imthosca áirithe mar ábhar dlí náisiúnta. Tá sé d'oibleagáid ar na húdaráis, áfach, cosc a chur ar na cistí sin a bhogadh, a aistriú, a athrú, a úsáid, a rochtain nó a láimhseáil ar bhealach a thoirmisceann na Rialacháin. Nuair atá na húdaráis ar an eolas go bhfuil airgead tirim nó cistí eile ar iompar ag duine ainmnithe, d'fhéadfadh cumhachtaí a bheith acu laistigh den chreat dlíthiúil atá ann cheana, amhail dlíthe chun an sceimhlitheoireacht agus an sciúradh airgid a chomhrac. D'fhéadfaí a chur d'oibleagáid ar na Ballstáit pribhléidí agus díolúintí a thugtar mar ábhar dlí idirnáisiúnta do dhuine ainmnithe a urramú, rud a d'fhéadfadh na gníomhaíochtaí féideartha a theorannú¹⁶.

(b) Cistí a chur ar fáil do dhuine ainmnithe nó eintiteas ainmnithe

49. Tá toirmeasc ginearálta ar chistí a chur ar fáil do dhuine ainmnithe nó d'eintiteas ainmnithe, bíodh na cistí sin mar íocaíocht as earraí agus as seirbhísí, bídis mar shíntiús, d'fhonn cistí a thabhairt ar ais a bhí á sealbhú roimhe sin faoi shocrú conarthach, nó ar shlí eile, ach amháin má tá sé údraithe ag an údarás inniúil de bhun an mhaoluithe iomchuí dá bhforáiltear sa Rialachán (féach freisin Cuid X maidir le maoluithe).
50. Is féidir ús a fhabhraíonn ó chuntas reoite a chur leis, áfach, agus is féidir íocaíochtaí atá dlite cheana féin faoi chonarthaí, comhaontuithe nó oibleagáidí a bhí ann roimhe sin a chur leis an gcuntas sin gan údarú a fháil roimh ré¹⁷.

¹⁶ Mar shampla, más é go bhfuil an duine ainmnithe ag taisteal chuig ceanncheathrú eagraíochta idirnáisiúnta agus go bhfuil feidhm ag forálacha sonracha de chuid an chomhaontaithe ábhartha ceanncheathrún.

¹⁷ Féach na Treoirínte, mír 83, fomhír 2.

51. Seachas na cásanna sin, bíonn údarú roimh ré de dhíth ar thríú páirtí a thionscnaíonn aistriú cistí chuig duine ainmnithe. Ceadáítear d'institiúid airgeadais nó creidmheasa san Aontas a fhaigheann cistí a aistríonn tríú páirtí chuig cuntas reoite na cistí sin a chur sa chuntas sin gan údarú a fháil roimh ré¹⁸. Má aistríonn duine cistí chuig cuntas reoite gan údarú roimh ré, ach má mhaítear gur earráid a bhí ann, beidh air nó uirthi údarú a lorg chun na cistí sin a fháil ar ais, rud a ligfidh don údarás inniúil insint an duine sin a fhíorú. Mar sin féin, is féidir le hinstitiúid airgeadais, gan údarú, aistriú cistí a rinne sí féin de thaisme chuig cuntas reoite a cheartú ina gcórais chuntasaíochta féin.
52. Is féidir le dlíthe náisiúnta nósanna imeachta a shainiú maidir le conas déileáil leis na cistí a ndearnadh iarracht ina leith aistriú lena sáraítear bearta sriantacha a dhéanamh.

VII. Acmhainní eacnamaíocha

(a) Acmhainní eacnamaíocha a reo ar le duine ainmnithe nó le heintiteas ainmnithe iad nó a shealbhaíonn, a choinníonn nó a rialaíonn duine ainmnithe nó le heintiteas ainmnithe iad

53. Déantar acmhainní eacnamaíocha a reo chun cosc a chur ar a n-úsáid mar airgeadra comhthreomhar nó mar airgeadra ionadach, agus chun nach rachfar timpeall ar reo cistí. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis inniúla díriú ar chosc a chur ar dhaoine agus ar eintitis spriocdhírithe sochair airgeadais nó eacnamaíocha (e.g. cistí, earraí nó seirbhísí) a fháil ó acmhainní eacnamaíocha. Níl sé inmhianaithe úsáid phearsanta thomhaltach na n-acmhainní eacnamaíocha a chosc agus níltear á bheartú sin.

¹⁸ Féach na Treoirínte, mír 84.

54. Faoi na Rialacháin sin, ní choisctear ar dhuine ainmnithe úsáid phearsanta a bhaint as acmhainní eacnamaíocha reoite (e.g. cónaí ina dteach nó a gcarr féin a thiomáint) agus ní bhíonn údarú de dhíth lena n-úsáid. Sócmhainní nach bhfuil oiriúnach ach le haghaidh úsáid nó tomhailt phearsanta, agus nach féidir le duine ainmnithe, dá bhrí sin, iad a úsáid chun cistí, earraí nó seirbhísí a fháil, ní thagann siad faoin sainmhíniú ar ‘acmhainní eacnamaíocha’.
- Fágann sin nach gcumhdaítear faoi na Rialacháin seo iad agus nach gceanglaítear aon údarú chun iad a chur ar fáil do dhuine ainmnithe.
55. Mar sin féin, más ionann úsáid na n-acmhainní eacnamaíocha reoite agus gníomhaíocht eacnamaíoch as a bhféadfadh an duine ainmnithe cistí, earraí nó seirbhísí a fháil (e.g. má tá an duine ainmnithe ag iarraidh a theach a ligean amach ar cíós nó a charr a oibriú mar thacsaí), ní mór údarú a lorg roimh ré.
56. Ní mór údarú a fháil roimh ré i leith na n-úsáidí uile arna mbaint as acmhainní eacnamaíocha a sholáthraíonn cistí, earraí nó seirbhísí don duine ainmnithe, gan beann ar cibé acu is duine ainmnithe nó duine eile a shealbhaíonn nó a rialaíonn na cistí sin. Ní chealaítear an ceanglas sin i gcás cistí atá faoi chomhúinéireacht, cé nach reoitear maoin is maoin tríú páirtí inti féin faoi na Rialacháin.

(b) Acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil

57. Toirmisctear acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhuine ainmnithe nó d’eintiteas ainmnithe, lena n-áirítear trí bhronntanas, trí dhíol, trí bhabhtáil, nó trí acmhainní eacnamaíocha atá á sealbhú nó á rialú ag tríú páirtí a thabhairt ar ais d’úinéir ainmnithe, in éagmais údarú arna dheonú ag an údarás inniúil de bhun an Rialacháin ábhartha.

58. Ní hionann sócmhainní a chur ar fáil nach bhfuil oiriúnach ach le haghaidh úsáid nó tomhailt phearsanta agus, dá bhrí sin, nach féidir le duine ainmnithe iad a úsáid chun cistí, earraí nó seirbhísí a fháil, ní hionann iad agus ‘acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil’ de réir bhrí na Rialachán agus, dá bhrí sin, ní bheidh údarú de dhíth (féach freisin Cuid X maidir le maoluithe).
59. Maidir leis an téarma ‘acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil’, téarma nach sainmhínítear sna Rialacháin, léirigh an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil ciall fhairsing ag baint leis. Seachas catagóir shonrach de ghníomh dlí a chur in iúl, cuimsíonn sé na gníomhartha go léir is gá faoin dlí náisiúnta is infheidhme má tá duine chun cumhacht iomlán diúscartha a fháil go héifeachtach maidir leis an acmhainn eacnamaíoch lena mbaineann. Tá feidhm ag an toirmeasc ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil maidir le haon mhodh chun acmhainn eacnamaíoch a chur ar fáil, gan beann ar an gcomaoin . Dá bhrí sin, ní bhaineann sé le hábhar go bhféadfaí a mheas mar leordhóthanach go gcuirfí acmhainní eacnamaíocha ar fáil chun comaoin a íoc¹⁹.
60. Ní cheanglaíonn na bearta reo sin ar dhaoine a shealbhaíonn nó a rialaíonn acmhainní eacnamaíocha atá faoi úinéireacht duine ainmnithe nó eintitis ainmnithe (e.g. má deonaíodh léas ar mhaoin shochorraithe nó má tugadh earraí sochorraithe mar chomhthaobhacht) na hacmhainní eacnamaíocha sin a thabhairt ar ais dá n-úinéir, agus níl aon údarú de dhíth chun leanúint den sealbhú nó den rialú sin. Ós rud é, áfach, go ndéantar acmhainní eacnamaíocha mar sin a reo, tá údarú roimh ré ag teastáil d’aon socrú conarthach nua a bhaineann lena n-úsáid nó lena mhargú.
61. Ní chuireann na Rialacháin cosc le soláthairtí fónais tí amhail gás, leictreachas, uisce agus línte teileafóin i ngeall ar a nádúr tomhaltach agus ar an easpa inaistritheachta a éiríonn as an nádúr sin.

¹⁹ Breithiúnas in Möllendorf, AE:C:2006:596, míreanna 51, 56, 58 agus 59.

VIII. Úinéireacht agus rialú

An Réasúnaíocht

62. Ní mór na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha ar le duine nádúrtha nó dlítheanach iad, nó a shealbhaíonn, a choinníonn nó a rialaíonn duine nádúrtha nó dlítheanach iad, a reo. Faoi na coinníollacha a leagtar amach i mír 35 áirítear leis sin sócmhainní a shealbhaíonn eintiteas neamhliostaithe agus sócmhainní a shealbhaíonn nó a rialaíonn daoine nó eintitis liostaithe.

Úinéireacht

63. Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil duine nó eintiteas dlítheanach faoi úinéireacht duine eile nó eintitis eile, is é an critéar atá le cur san áireamh an bhfuil sciar 50 % nó níos mó de chearta dílseánaigh eintitis i seilbh an duine nó an eintitis sin, nó an bhfuil leas tromlaigh ag an duine nó ag an eintiteas ann²⁰. Má chomhlíontar an critéar sin, meastar go bhfuil an duine nó an t-eintiteas dlítheanach sin faoi úinéireacht duine nó eintitis eile.

Agus úinéireacht á measúnú, ba cheart úinéireacht chomhiomlánaithe an eintitis a chur san áireamh freisin. Mar shampla, má tá 30 % den eintiteas faoi úinéireacht duine ainmnithe amháin agus má tá 25 % den eintiteas faoi úinéireacht daoine ainmnithe eile, ba cheart a mheas, i bprionsabal, go bhfuil an t-eintiteas faoi úinéireacht daoine ainmnithe.

²⁰ Critéar mar atá sa sainmhíniú dá bhforáiltear i Rialachán 2580/2001.

64. Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil duine nó eintiteas dlítheanach faoi rialú ag duine eile nó eintitis eile, astu féin nó de bhun comhaontaithe le scairshealbhóir eile nó le tríú páirtí eile, d'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh, *inter alia*:
- a. an ceart a bheith aige, nó an chumhacht a bheith á feidhmiú aige, tromlach na gcomhaltaí ar chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an duine dhlítheanaigh sin nó an eintitis dhlítheanaigh sin a cheapadh nó a chur as oifig;
 - b. gur cheap sé, ar bonn aonair, tromlach na gcomhaltaí de chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta duine dhlítheanaigh nó eintitis dhlítheanaigh a bhí i seilbh oifige i rith na bliana airgeadais reatha agus na bliana airgeadais roimhe sin mar thoradh ar chearta vótála a fheidhmiú;
 - c. gur rialaigh sé, ar bhonn aonair, de bhun comhaontú le scairshealbhóirí eile nó comhaltaí de dhuine dlítheanach nó d'eintiteas, tromlach chearta vótála na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí den duine dlítheanach sin nó den eintiteas sin;
 - d. an ceart a bheith aige tionchar ceannasach a fheidhmiú ar dhuine dlítheanach nó ar eintiteas dlítheanach, de bhun comhaontaithe a rinneadh leis an duine dlítheanach sin nó leis an eintiteas dlítheanach sin, nó de bhun forála atá sa Mheabhrán nó sna hAirteagail Chomhlachais a ghabhann leis, i gcás ina gceadaíonn an dlí lena rialaítear an duine dlítheanach sin nó an t-eintiteas dlítheanach sin dó a bheith faoi réir an chomhaontaithe nó na forála sin;
 - e. an chumhacht a bheith aige an ceart chun tionchar ceannasach dá dtagraítear i bpointe (d) a fheidhmiú, gan é a bheith ina shealbhóir ar an gceart sin²¹;
 - f. an ceart a bheith aige na sócmhainní uile atá ag duine dlítheanach nó eintiteas dlítheanach, nó cuid de na sócmhainní sin, a úsáid;
 - g. gnó duine dhlítheanaigh nó eintitis dhlítheanaigh a bhainistiú ar bhonn aontaithe, agus cuntais chomhdhlúite a bheith á bhfoilsíú aige;
 - h. na dliteanais airgeadais atá ag duine dlítheanach nó eintiteas dlítheanach a bheith á roinnt go compháirteach agus go leithleach, nó iad a bheith á ráthú.

²¹ Lena n-áirítear, mar shampla, trí bhíthin cuideachta chaoch

65. Má chomhlíontar aon cheann de na critéir sin, meastar go bhfuil an duine dlítheanach nó an t-eintiteas dlíthiúil á rialú ag duine nó eintiteas eile, mura féidir a mhalairt a shuíomh ar bhonn cás ar chás.
66. Féadfar diúltú do chomhlíonadh na gcritéar úinéireachta nó rialaithe thuas ar bhonn cás ar chás.
67. Cuirtear síos sna samplaí seo a leanas ar imthosca a d'fhéadfadh cáiliú mar thásca go bhfuil eintiteas neamhainmnithe á rialú ag duine nó eintiteas ainmnithe. Níl na samplaí seo uileghabhálach agus is chun críche treoraíochta léirithí amháin atá siad:

(a) Scairshealbhú tromlaigh

- Is duine ainmnithe é an scairshealbhóir is mó i gcuideachta i gcomparáid le scairshealbhóirí eile. Mar shampla, tá 40 % de na scaireanna ag an duine ainmnithe, ach tá 10 % ag na scairshealbhóirí eile. D'fhéadfadh sé gur ghá tuilleadh anailíse a dhéanamh i gcás mar sin lena shuí an gcomhlíonann an duine ainmnithe aon cheann de na critéir rialaithe thuasluaite (mar shampla, an chumhacht tromlach na stiúrthóirí a cheapadh ar an mbord bainistíochta).

(b) Rogha aiscéannaigh

- Rinneadh ceannach thar barr amach ag an mbainistíocht, agus bhí an t-iar-úinéir ainmnithe in ann an chuideachta a cheannach ar ais faoi choinníollacha fabhracha. Go háirithe i gcás ina bhféadfaí na coinníollacha sin a agairt gan dua, d'fhéadfadh sé gur ghá tuilleadh anailíse a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an chuideachta á rialú ag iar-úinéir ainmnithe an chuideachta.

(c) Scaireanna a aistriú gar don ainmniú

- Trí líon ábhartha scaireanna san eintiteas neamhainmnithe a aistriú chuig úinéir nua go gairid sula n-ainmnítear duine nó go gairid ina dhiaidh sin (má cheadaítear sin leis na Rialacháin ábhartha ón gComhairle), féadfar a mholadh leis sin go mbeidh an chuideachta á rialú i gcónaí ag an duine ainmnithe agus d'fhéadfaí imscrúdú breise a thionscnamh maidir le tionchar an úinéara roimhe sin ar an úinéir nua. Ní gá gur líon mór scaireanna é an líon 'ábhartha' sin; dá mbeadh líon níos lú scaireanna ag an díoltóir liostaithe, bheadh sé in ann, mar shampla, titim faoi bhun na tairsí úinéireachta.

(d) Daoine caocha a úsáid

- Tá dlúthbhaint ag úinéir nua leis an iar-úinéir ainmnithe, e.g. ball teaghlaigh nó iarfhóstaí/iarpháirtí gnó, agus, is féidir go raibh an praghas díola ró-íseal nó neamhghnách ar bhealach eile, nó
- Tá comhairleoir (nó bord comhairleoirí) ag an eintiteas ag a bhfuil an chumhacht chinnteoireachta deiridh maidir le gníomhaíocht an eintitis, cé nár léir sin ón teideal nó ón bhfeidhm, nó
- Tá comhaontú i scríbhinn ann inar léir go dtugtar an t-údarás do neamh-scairshealbhóir nó do scairshealbhóir ag a bhfuil mionscairshealbhuíthe agus don duine sin amháin gnó an eintitis a chinneadh, nó
- Déanann daoine ainmnithe na cinntí ar son na ndaoine atá ceaptha a bheith i gceannas ar eintiteas.

(e) Úsáid a bhaint as iontaobhais, cuideachtaí caocha agus cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta

- Is cuid de struchtúr corparáideach a bhfuil castacht gan ghá ag baint leis é eintiteas, agus d'fhéadfadh eintitis ar nós cuideachtaí caocha, cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta agus/nó iontaobhais atá nasctha le duine ainmnithe a áireamh leis sin. Bunaíodh cuid de na heintitis sin nó d'athraigh siad a gcéannacht go gairid sular glacadh an córas smachtbhannaí nó sular ainmníodh an duine, nó go gairid ina dhiaidh sin, (má cheadaítear sin leis na Rialacháin ábhartha ón gComhairle), agus/nó níl aon ghníomhaíocht ghnó inchreidte acu.
- Úsáidtear iontaobhas amháin nó roinnt iontaobhas sócmhainní a fháil ó eintiteas atá faoi úinéireacht nó atá á rialú ag duine ainmnithe. Bíonn baint ag gairmithe ón dlínse inar bunaíodh na hiontaobhais le bainistíocht na n-iontaobhas.

Cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil go hindíreach do dhaoine ainmnithe agus d'eintitis ainmnithe

68. Maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine nó d'eintitis dhlítheanacha neamhliostaithe atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nó eintitis liostaithe, má bhunaítear an úinéireacht nó an rialú i gcomhréir leis na critéir thuas, measfar, i bprionsabal, go bhfuil na cistí sin á gcur ar fáil go hindíreach ag an duine nó ag an eintiteas sin, ach amháin más féidir a chinneadh go réasúnta, ar bhonn cás ar chás agus úsáid á baint as cur chuige rioscabhunaithe, agus na himthosca ábhartha go léir á gcur san áireamh, lena n-áirítear na critéir thíos, nach mbeidh na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha á n-úsáid ag an duine ná ag an eintiteas liostaithe sin ná nach chun a dtairbhe sin iad.

Áirítear ar na critéir a bheidh le cur san áireamh, *inter alia*:

- i. dáta agus cineál na nasc conarthach idir na heintitis lena mbaineann (mar shampla conarthaí díolacháin, conarthaí ceannaigh nó conarthaí dáileacháin);
- j. ábharthacht earnáil ghníomhaíochta an eintitis neamhliostaithe don eintiteas liostaithe;
- k. saintréithe na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha a chuirtear ar fáil, lena n-áirítear an úsáid phraiticiúil a d'fhéadfadh a bheith á baint astu ag an eintiteas liostaithe agus fusacht a n-aistriú chuig an eintiteas liostaithe.

69. Ní mheasfar go raibh acmhainn eacnamaíoch chun tairbhe duine nó eintitis liostaithe ar an aon chúis amháin go mbaineann duine nó eintiteas neamhliostaithe úsáid aisti chun brabúis, a d'fhéadfadh a bheith dáilte go páirteach ar scairshealbhóir liostaithe, a ghiniúint.

70. Ní mór a thabhairt faoi deara go bhféadfar a áireamh freisin, i gcás cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil go hindíreach do dhaoine liostaithe nó d'eintitis liostaithe, cur ar fáil na míreanna sin do dhaoine nó d'eintitis nach bhfuil faoi úinéireacht ná faoi rialú eintiteas liostaithe.

IX. ‘Gníomhú thar ceann duine, eintitis nó comhlachta’

Is ábhartha freisin, agus déantar tagairt shainráite dó i gcás roinnt toirmeasc i gcomhthéacs na smachtbhannaí, an coincheap ‘gníomhú thar ceann nó faoi threoir duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta’

71. Is ábhartha freisin an coincheap ‘gníomhú thar ceann nó faoi threoir duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta’ agus déantar tagairt shainráite dó i gcás roinnt toirmeasc i gcomhthéacs na smachtbhannaí. Sa chiall sin, cé go bhfuil an coincheap éagsúil le coincheap na húinéireachta agus an rialaithe, is féidir a éifeachtaí a chur ar comhchéim,²² ach ba cheart an gníomhú thar cheann nó faoi threoir duine a chinneadh mar chaidreamh ann féin.
72. Murar ann do shainmhíniú is féidir a úsáid chun a mheas ar ghníomhaigh duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht thar ceann nó faoi threoir duine nádúrtha nó dlítheanach, eintitis nó comhlachta liostaithe, d’fhéadfaí an méid seo a leanas, *inter alia*, a bheith ar na critéir atá le cur san áireamh:
- a) an struchtúr beacht úinéireachta/rialaithe, lena n-áirítear naisc idir daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí;
 - b) cineál agus cuspóir an idirbhirt, in éineacht le dualgais ghnó shonraithe an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta;
 - c) cásanna roimhe seo ina rabhthas ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta atá liostaithe;
 - d) faisnéis arna nochtadh ag tríú páirtithe agus a fuarthas ó fhoinsí inchreidte, iontaofa agus neamhspleách agus/nó fianaise fhíorasach lena léirítear gur thug an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht treoraíocht.

²² Breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2019, *HTTS Hanseatic Trade Trust & Shipping GmbH v Council*, C-123/18 P, AE:C:2019:694, míreanna 77-79.

Neamhdhliteanas

73. Tá na heilimintí thuas gan dochar do chlásail maidir le neamhdhliteanas sna gníomhartha dlíthiúla ábhartha.

Comhroinnt faisnéise

74. De réir mar a fhoráiltear sna Rialacháin ábhartha de chuid an Aontais²³ agus le gur fusa a bheidh sé na measúnuithe thuasluaite a dhéanamh, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit faoi dhlí an Aontais faisnéis ábhartha atá ar fáil dóibh a chomhroinnt. I gcás ina bhfuil faisnéis ag údarás inniúil i Ballstát go bhfuil duine nó eintiteas dlítheanach neamhliostaithe faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nó eintitis liostaithe nó ina bhfuil aon fhaisnéis aige a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chur chun feidhme éifeachtach an toirmisc ar chur ar fáil indíreach na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann, faoi réir an dlí náisiúnta, faisnéis ábhartha a chomhroinnt leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún.
75. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le tuairisciú, rúndacht agus rúndacht ghairmiúil, ba cheart d'oibreoir eacnamaíoch a bhfuil a fhios aige go bhfuil duine nó eintiteas dlítheanach neamhliostaithe faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nó eintitis liostaithe údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha agus an Coimisiún a chur ar an eolas go díreach nó tríd an mBallstát.

Moltaí maidir le liostú

76. I gcás inarb iomchuí, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a mholadh go liostófaí freisin an duine nó an t-eintiteas dlítheanach a bhunaítear a bheith faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nó eintitis atá liostaithe cheana féin.

²³ Mar shampla, Airteagail 40 agus 44 de Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus Airteagail 29 agus 30 de Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria.

X. Eintitis dhlíthiúla ainmnithe

77. I gcás ina n-ainmnítear eintiteas dlítheanach agus inar gá bearta reoite a chur i bhfeidhm, ní chuirtear toirmeasc ar an eintiteas sin leanúint de bheith ann i gcónaí. I gcás gnó, ach a reofar a shócmhainní, déanfar dífead dá oibriú agus beidh iarmhairtí díreacha aige sin ar thríú páirtithe amhail fostaithe, creidiúnaithe agus daoine eile a bhféadfadh nach mbeadh aon bhaint acu leis an gcúis ar liostaíodh an t-eintiteas. Is é a bheidh i gceist de ghnáth le gnó a dhéantar le heintiteas mar sin cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil dó, nó athrú ar fhoirm a chistí nó a acmhainní eacnamaíocha, a bhfuil toirmeasc orthu araon agus a bhfuil údarú roimh ré ag teastáil ó na húdaráis inniúla ina leith.
78. I gcásanna ina bhfuil feidhm ag reo sócmhainní maidir le cistí agus acmhainní eacnamaíocha de chuid institiúid chreidmheasa nó airgeadais, cumhdaítear, leis an maolú maidir le ‘réamhchonarthaí’, ar choinníoll gur osclaíodh an cuntas roimh dháta ainmnithe an eintitis a bhfuiltear ag díriú air, scaoileadh na gcistí ó chuntais daoine nó eintiteas nach bhfuiltear ag díriú orthu agus atá á gcoinneáil san institiúid chreidmheasa nó airgeadais a bhfuiltear ag díriú uirthi.²⁴
79. Má tá gníomhaíochtaí eintitis dhlíthiúil ainmnithe le leanúint ar aghaidh agus chun mí-úsáid cistí a chosc, ní mór coinníollacha iomchuí a fhorchur, coinníollacha nach mór a mhionléiriú. Féadfar a áireamh ar na coinníollacha sin bearta lena n-áirithítear go riarfar an t-eintiteas ar bhealach nach mbainfear an bonn de reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha agus den toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil. Is faoi na Ballstáit atá sé tuilleadh staidéir a dhéanamh ar conas é sin a chur i bhfeidhm. Teastaíonn díliostú chun oibriú faoi shaoirse gan aon srianta an athuair.

XI. Maoluithe

80. Agus é ag gníomhú i gcomhréir le fuarlitir agus spiorad na Rialachán, cuirfidh an t-údarás inniúil san áireamh cearta bunúsacha daoine agus eintiteas ainmnithe agus maoluithe á ndeonú aige. I gcomhréir leis na maoluithe sonracha dá bhforáiltear sna Rialacháin ábhartha, féadfaidh na húdaráis inniúla féachaint ar an méid seo a leanas:

²⁴ Mír 28 de na Treoirí.

- bunriachtanais daoine ainmnithe, lena n-áirítear i ndáil le híocaíochtaí le haghaidh earraí bia, cíos nó morgáiste, leigheasanna agus cóireáil leighis, cánacha, préimheanna árachais agus muirir fónais phoiblí;
- an ceart chun cosanta i ndáil le costais a bhaineann le seirbhísí dlí a sholáthar;
- an ceart chun maoine atá ag an duine nó ag an eintiteas ainmnithe (ós rud é nach d'úinéireacht an duine ná an eintitis ainmnithe a dhéantar difear le reo acmhainní ach don chumas na cistí a úsáid);
- an ceart úinéireachta atá ag an duine dlítheanach nó ag an eintiteas neamhainmnithe a bhfuil na cistí reoite á gcoinneáil acu;
- an ceart úinéireachta atá ag an duine ainmnithe nó ag an eintiteas ainmnithe agus ag duine nó eintiteas neamhainmnithe araon i ndáil le conarthaí arna dtabhairt i gcrích eatarthu roimh an ainmniú;
- an dlí idirnáisiúnta maidir le caidreamh taidhleoireachta agus consalach;
- sábháilteacht an duine agus cosaint an chomhshaoil; nó
- críocha daonnúla, mar shampla, cúnamh a sheachadadh nó seachadadh cúnaimh a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar a aistriú nó le haghaidh aslonnuithe as tír spriocdhírthe.

81. Ní dhéanann bearta sriantacha airgeadais difear don tsaoirse atá ag duine ainmnithe dul i mbun oibre. Mar sin féin, tá údarú ag teastáil chun íocaíocht a fháil don obair sin. Ba cheart don údarás inniúil imscrúduithe iomchuí a dhéanamh (go háirithe chun a dheimhniú go bhfuil post ag an duine sin) agus coinníollacha iomchuí a áireamh chun cosc a chur ar imchéimniú. De ghnáth, ní mór údarú a fháil in imthosca mar sin chun íoc isteach i gcuntas reoite. Ba cheart aon íocaíocht in airgead tirim a údarú go sainráite. Ba cheart d'aon údarú gnáth-asbhaintí a cheadú freisin i leith na slándála sóisialta agus i leith cánacha²⁵. Ní mór údarú a fháil freisin chun sochair leasa a chur ar fáil do dhuine ainmnithe.

²⁵ Féadfar asbhaintí i leith na slándála sóisialta agus i leith cánacha a údarú faoin díolúine do bhunchaiteachas (féach na Treoirlínte, mír 83, fomhír 1).

Aistriú cistí idir institiúidí creidmheasa agus airgeadais an Aontais agus institiúidí creidmheasa agus airgeadais i dtríú stát i ndáil le táillí áirithe éigeantacha nó éigeandála

82. I gcás ina dtoirmeasctar, le rialacháin, cistí a aistriú idir institiúidí airgeadais agus creidmheasa an Aontais ar thaobh amháin agus institiúidí creidmheasa agus airgeadais i dtríú stát ar an taobh eile, ba cheart muirir a íoc i leith seirbhísí arna soláthar ag rialtas an tríú stáit sin i ndáil le heitiltí nó tuirlingt éigeandála aerárthaí atá faoi úinéireacht nó atá á n-oibriú ag duine atá cláraithe san Aontas ar choinníoll (i) nach ndéanfaí an íocaíocht le duine nó le heintiteas ainmnithe, go díreach nó go hindíreach, nó chun tairbhe duine nó eintitis ainmnithe agus (ii) go n-urramófaí leis an íocaíocht aon fhógra nó oibleagáidí um údarú mar a shonraítear sna gníomhartha dlíthiúla is infheidhme.
83. I gcás ina dtoirmeasctar, le rialacháin, cistí a aistriú idir institiúidí airgeadais agus creidmheasa an Aontais ar thaobh amháin agus institiúidí creidmheasa agus airgeadais i dtríú stát ar an taobh eile, ba cheart muirir a íoc i leith seirbhísí a sholáthraítear mar gheall ar theacht isteach éigeandála long atá faoi úinéireacht nó á n-oibriú ag duine atá cláraithe san Aontas i gcalafort sa tríú stát sin ar choinníoll (i) nach ndéanfaí an íocaíocht le duine nó le heintiteas ainmnithe, go díreach nó go hindíreach, nó chun tairbhe dhuine nó eintitis ainmnithe agus (ii) go n-urramófaí leis an íocaíocht aon fhógra nó oibleagáidí um údarú mar a shonraítear sna gníomhartha dlíthiúla is infheidhme.

XII. Treoraíocht i dtaobh iarratais ar mhaoluithe a bhreithniú

84. Is féidir le daoine agus eintitis ainmnithe údarú a iarraidh chun a gcistí reoite nó a n-acmhainní eacnamaíocha a úsáid, mar shampla chun creidiúnaí a chúiteamh. Mar sin féin, ní féidir leis na daoine agus na heintitis ainmnithe na bearta reoite a agairt mar leithscéal as mainneachtain, murar lorg siad údarú.

85. Maidir le cistí arna n-aistriú ag duine nó ag eintiteas liostaithe ó bhainc, nach bainc de chuid an Aontais iad, nó thar a gceann, i ndáil le híocaíocht le náisiúnach de chuid an Aontais nó le heintiteas de chuid an Aontais as seirbhís nó as earra a sheachadadh sular liostaíodh an duine/eintiteas a iarrann an t-aistriú, féadfar, i bprionsabal, an méid seo a leanas a údarú, ar choinníoll gur léiríodh an méid seo a leanas i measúnú cás ar chás: (i) go bhfuil an t-aistriú beartaithe le dul chuig saoránach / eintiteas de chuid an Aontais (ii) gur íocaíocht é as seirbhís nó as earra a seachadadh sular liostaíodh an duine / an t-eintiteas a iarrann an t-aistriú / (iii) nach ndéantar an íocaíocht le duine nó eintiteas nó chun tairbhe duine nó eintitis (iv) nach ndéantar an íocaíocht trí theacht timpeall ar bhearta sriantacha.
86. Is féidir le páirtithe leasmhara údaruithe a iarraidh freisin le haghaidh rochtain ar chistí reoite nó ar acmhainní eacnamaíocha i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta. Ba cheart an duine ainmnithe a chur ar an eolas, a mhéid is féidir, faoi iarrataí den sórt sin. Agus an nós imeachta um údarú i bhfeidhm ní mór fós gnáthnósanna imeachta a úsáid chun bailíocht na n-éileamh in aghaidh duine nó eintiteas ainmnithe a chinneadh agus ní bhronntar teideal le húdarú. Agus iarrataí mar sin á mbreithniú acu, ba cheart do na húdaráis inniúla, *inter alia*, fianaise arna cur ar fáil ag an gcreidiúnaí agus ag an duine ainmnithe nó ag an eintiteas ainmnithe a chur san áireamh an ann d'oibleagáid dhlíthiúil (conarthach nó reachtúil) maidir leis na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha a sholáthar, agus maidir le féachaint an bhfuil aon riosca ann go dtiocfaí timpeall air (e.g. an bhfuil naisc an chreidiúnaí leis an duine nó leis an eintiteas ainmnithe de chineál a d'ardódh amhras).
87. Ní mór do dhuine nó d'eintiteas ar mian leis cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhuine ainmnithe nó d'eintiteas ainmnithe údarú a iarraidh, ach amháin i gcásanna sonracha nuair a thagann na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha atá ar fáil faoi mhaolú dá bhforáiltear sa Rialachán is infheidhme. Agus na hiarrataí sin á mbreithniú acu, ba cheart do na húdaráis inniúla, *inter alia*, aon fhianaise a chur san áireamh a tugadh maidir leis an údar atá leis an iarraidh, agus cé acu atá nó nach bhfuil naisc an iarratasóra leis an duine nó leis an eintiteas ainmnithe de chineál go bhféadfadh an bheirt acu oibriú le chéile chun teacht timpeall²⁶ ar na bearta reoite.

²⁶ Féach freisin an breithiúnas in *Mohsen Afrasiabi and others* AE:C:2011:874 míreanna 60-62 agus 68. Maidir le léirmhíniú na foclaíochta 'go feasach agus d'aon ghnó' a úsáidtear i ndáil le teacht timpeall, féach an breithiúnas céanna, mír 68. Chinn an Chúirt go gcomhlíontar riachtanais charnacha an eolais agus na hintinne i gcás ina lorgaíonn oibreoir cuspóir nó éifeacht an imchéimnithe d'aon turas nó i gcás ina bhfuil sé ar a laghad ar an eolas go bhféadfadh an éifeacht sin a bheith ann de thoradh a rannpháirtíochta – agus go nglacann sé leis go bhféadfadh sé go dtarlódh sé sin.

88. Agus iarrataí ar údarú á mbreithniú acu chun cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha a úsáid nó chun cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ba cheart d'údaráis inniúla cibé imscrúdú eile a dhéanamh a mheasann siad is iomchuí sna himthosca, agus d'fhéadfadh comhairliúchán le haon Bhallstát eile a bhfuil leas acu ann a bheith san áireamh freisin. Chomh maith leis sin, ba cheart do na húdaráis inniúla coinníollacha nó coimircí a chur san áireamh ionas nach n-úsáidfear cistí arna scaoileadh nó acmhainní eacnamaíocha chun críoch ar bith atá ar neamhréir le críoch an mhaolaithe. Dá bhrí sin, is fearr aistrithe díreacha bainc ná íocaíochtaí in airgead tirim, mar shampla.
89. Ba cheart coinníollacha nó teorainneacha iomchuí a chur san áireamh freisin nuair is gá (e.g. maidir le cainníocht nó luach athdhíola cistí nó acmhainní eacnamaíocha a fhéadfar a chur ar fáil gach mí) agus údarú á dheonú, agus na critéir a leagtar amach sna Rialacháin á gcur san áireamh. Ba cheart gach údarú a dheonú i scríbhinn agus roimh na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha lena mbaineann a úsáid nó a chur ar fáil.
90. Leis na rialacháin, cuirtear d'oibleagáid ar na húdaráis inniúla a chur in iúl don duine a dhéanann an iarraidh agus do Bhallstáit eile cé acu a deonaíodh nó nár deonaíodh an iarraidh.²⁷ Ligeann an chomhroinnt faisnéise sin do na Ballstáit deonú maoluithe a chomhordú i gcásanna ina bhfuil cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha ag duine ainmnithe i níos mó ná Ballstát amháin.

Údaruithe daonnúla

91. Chun freagairt do riachtanais phráinneacha agus athraitheacha ar an talamh, ba cheart do na húdaráis inniúla déileáil le hiarrataí ar údaruithe chun críocha daonnúla ar bhonn tosaíochta, i gcás inarb iomchuí, agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na hiarratasóirí ar an eolas faoin bpróiseas, faoi phointí teagmhála agus faoi am-líne tháscach an nós imeachta údaraithe.

²⁷ Ceanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 freisin go gcuirfear an fhaisnéis sin ar fáil d'aon duine, comhlacht nó eintiteas eile arb eol go mbaineann sé go díreach leis. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina dhea-chleachtas, fiú mura n-éilítear sin leis na Rialacháin.

Ba cheart d'iarratasóirí míniú a thabhairt ar an bpráinn agus ar an mbunchuspóir daonnúil ina n-iarratais chuig údaráis inniúla.

C. Toirmisc ar sholáthar earraí

92. Nuair a dhéantar foráil le rialachán maidir le córas údaraithe agus má cheanglaítear amhlaidh, ba cheart don údarás inniúil na hiarratais ar údarú a diúltaíodh a chur in iúl do na húdaráis inniúla eile agus don Choimisiún. Ní fhoráiltear go sainráite le rialacháin áirithe d'oibleagáid fógra a thabhairt maidir le hiarrataí ar údaruithe a diúltaíodh, ach ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag na húdaráis inniúla fós fógra a thabhairt faoi iarrataí ar údaruithe a diúltaíodh chun an baol go ndéanfaí saobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach a íoslaghdú.

D. Comhordú agus comhar

93. Ba cheart do na Ballstáit sásraí comhordaithe agus cumarsáide náisiúnta éifeachtúla a áirithiú idir na gníomhaireachtaí, na comhlachtaí agus na seirbhísí rialtais ábhartha uile a bhfuil inniúlacht acu i réimse na mbeart sriantach, amhail aireachtaí, aonaid um fhaisnéis airgeadais, maoirseoirí airgeadais, seirbhísí faisnéise agus slándála, údaráis bhreithiúnacha, oifig an ionchúisitheora phoiblí agus comhlachtaí eile forfheidhmithe dlí, de réir mar is iomchuí.
94. A bhúil leis an gcomhordú, ba cheart a bheith in ann faisnéis a ionchur go gasta, agus ba cheart do na gníomhaithe eile lena mbaineann a bheith in ann obair leantach a dhéanamh ar an ionchur sin. Sa bhreis air sin, ba cheart imscrúduithe a dhíriú, i gcás inar féidir, ar chásanna ardriosca sainaitheanta. D'fhéadfadh an cur chuige faisnéisbhunaithe agus rioscabhunaithe sin éifeachtacht a fheabhsú.

95. Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a mhalartú freisin le, *inter alia*, Ballstáit eile, an Coimisiún, SEGS, Europol, Eurojust, TFGA, Coistí Smachtbhannaí arna mbunú ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (lena n-áirítear an Coiste arna bhunú de bhun Rún 1267 (1999) a bhaineann le Al-Qaida) agus le Coiste Frithsceimhlitheoireachta Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, de réir mar is iomchuí²⁸.
96. Ba cheart nósanna imeachta maidir le comhordú agus comhroinnt faisnéise a shocrú chun a áirithiú go gcuirfear faisnéis ar fáil a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn do thogra le haghaidh liostú nó díliostú gan mhoill nach gá. Ba cheart nósanna imeachta mar sin a bhunú ar an leibhéal náisiúnta laistigh de na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, idir an tAontas, tríú stáit, na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile.

Anailís ar chuntais airgeadais

97. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh na gníomhaireachtaí nó na seirbhísí iomchuí anailís ar idirbhearta airgeadais atá nasctha le cuntais na ndaoine nó na n-eintiteas ainmnithe. Ba cheart torthaí na n-anailísí sin a roinnt, a mhéid is féidir ó thaobh an dlí de, le stáit eile, le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais, amhail Europol, a bhaineann le maoiniú na sceimhlitheoireachta. Chuige sin, ba cheart nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit. Foráiltear go sainráite le rialacháin áirithe do na húdaráis inniúla anailís a dhéanamh ar idirbhearta amhrasacha tar éis d'institiúidí airgeadais fógra a thabhairt ina leith²⁹.

²⁸ Féach freisin mír 17 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Treoirínte (fóram neamhfhoirmiúil le haghaidh plé ar shaincheistean cur chun feidhme).

²⁹ Féach Airteagal 30(6)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010.

98. Ba cheart do na Ballstáit idirphlé struchtúrtha agus comhar a fhorbairt le heagraíochtaí príobháideacha ábhartha laistigh dá ndlínse, amhail institiúidí creidmheasa agus airgeadais, maidir le bearta reoite a chur chun feidhme, chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as ionstraim na mbeart sriantach, agus féachaint leis an ualach riaracháin atá ar na heagraíochtaí sin a laghdú a mhéid is féidir.
99. Saothróidh an Coimisiún agus, de réir mar is iomchuí, SEGS agus an Chomhairle, idirphlé ar leibhéal an Aontais le heagraíochtaí ábhartha airgeadais maidir le saincheisteanna cur chun feidhme chomh maith le saincheisteanna reachtacha. I gcás maoiniú sceimhlitheoireachta, féachfaidh na Ballstáit freisin le hionchur agus aiseolas leordhóthanach (agus tráthúil) a chur ar fáil don earnáil airgeadais, ar ionchur agus aiseolas é a bheidh de chineál faisnéise freisin, agus faisnéis atá cothrom le dáta maidir le patrúin mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a chur ar fáil di.
100. D'fhéadfadh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar bhealaí chun treoraíocht agus comhairle a thabhairt do na rialtóirí airgeadais chomh maith le hinstitiúidí creidmheasa agus airgeadais.

Faisnéis maidir le bearta reoite a scaipeadh ar dhaoine eile

101. Ba cheart do na Ballstáit eagraíochtaí oibreoirí eacnamaíocha seachas iad siúd san earnáil airgeadais agus an pobal a chur ar an eolas go bhfuil bearta sriantacha airgeadais ann, go háirithe i bhfianaise an toirmisc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil dóibh siúd atá ainmnithe, agus míniú a thabhairt ar mhódúlachtaí na mbeart sin.

Uirlisí feidhmchláir

102. Ba cheart don Choimisiún leanúint de rochtain don phobal (go háirithe institiúidí creidmheasa agus airgeadais) ar an 'Liosta Leictreonach Comhdhlúite um Smachtbhannaí Airgeadais Spriocdhírithé (e-CTFSL)' arna bhunú ag an gCoimisiún agus ag an earnáil chreidmheasa Eorpach a áirithiú.

103. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbeidh an liosta cothrom le dáta i gcónaí.
104. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, de réir mar is iomchuí, go mbeidh rochtain ag an bpobal (go háirithe institiúidí creidmheasa agus airgeadais agus oibreoirí eacnamaíocha ábhartha eile) ar fhaisnéis ábhartha a bhaineann le bearta náisiúnta, lena n-áirítear ainmniúcháin agus orduithe breithiúnacha maidir le sceimhlitheoirí inmheánacha mar a thugtar orthu.
105. Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil rochtain ag an bpobal ar roinnt uirlisí breise atá dírithe ar thuiscint agus comhroinnt faisnéise a éascú.

Léarscáil smachtbhannaí an Aontais

106. Le Léarscáil idirghníomhach Smachtbhannaí an Aontais, is féidir leis an bpobal seiceáil dhíreach a dhéanamh ar na bearta sriantacha uile atá i bhfeidhm ag an Aontas agus ar Rialacháin an Aontais a bhaineann leo. Taispeánann sé freisin, trí chóras scagtha, liostaí na ndaoine aonair agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta reoite agus/nó srianta maidir le ligean isteach (toirmeasc taistil). Ina theannta sin, tugann an uirlis rochtain ar rúin arna nglacadh ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus ar na cinntí agus na rialacháin lena ndéantar na rúin sin a thrasú i ndlí an Aontais. Tá liosta freisin de na húdaráis inniúla náisiúnta sna Ballstáit atá freagrach as smachtbhannaí an Aontais a chur chun feidhme ar léarscáil Smachtbhannaí an Aontais.
107. Mar gheall ar a éasca atá sé an uirlis a úsáid, is foinse éifeachtach faisnéise í.
108. Tá sé ar fáil ar an nasc seo a leanas: <https://sanctionsmap.eu>.
109. Ina theannta sin, cuireann Léarscáil Smachtbhannaí an Aontais ar chumas an phobail clárú chun fógraí ríomhphoist a fháil aon uair a fhoilsítear Liosta Comhdhlúite nua de Thoirmisc taistil agus/nó Liosta Comhdhlúite nua de Smachtbhannaí Airgeadais.

Uirlis Smachtbhannaí an Aontais

110. Tá dhá bhealach ann chun sáruithe smachtbhannaí a thuairisciú: (1) trí ríomhphost a sheoladh chuig relex-sanctions@ec.europa.eu, nó (2) trí theachtaireacht a sheoladh trí uirlis an Aontais um sceithirí smachtbhannaí.
111. Cuireann an uirlis sin le héifeachtacht smachtbhannaí an Aontais trí chead a thabhairt sáruithe féideartha ar smachtbhannaí a thuairisciú don Choimisiún ar bhealach slán anaithnid. D'fhéadfadh samplaí nithiúla, fíricí, cúinsí a bhaineann le daoine aonair, eintitis agus tríú tíortha lena mbaineann a bheith i gceist leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé bheith bainteach le hábhar amhrais, nó le hiarracht a dhéanamh dul timpeall ar smachtbhannaí an Aontais.
112. Is féidir an uirlis a rochtain trí úsáid a bhaint as an URL seo a leanas:
<https://EUsanctions.integrityline.com>.
113. Tá pointe teagmhála ar leibhéal an Aontais curtha ar bun ag an gCoimisiún le haghaidh cabhair dhaonnúil i dtimpeallachtaí atá faoi réir smachtbhannaí. Cé gur cruthaíodh an uirlis seo i gcomhthéacs phaindéim Covid-19, leanann sí de bheith i bhfeidhm chun obair oibreoirí eacnamaíocha agus daonnúla ar an talamh a scaipeadh agus a éascú de réir mar is gá.

Meastóireacht

114. Tá sé tábhachtach meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht bhearta sriantacha an Aontais agus ba cheart aiseolas ó na Ballstáit, ón gCoimisiún, ó SEGS, ó Cheannairí Misin an Aontais, ó údaráis chustaim, ón earnáil phríobháideach, ó na Náisiúin Aontaithe agus ó institiúidí ábhartha eile, mar shampla, a chur san áireamh.

115. Ba cheart go bhféachfadh na Ballstáit le nósanna imeachta náisiúnta iomchuí a chur ar bun chun meastóireacht a dhéanamh, go háirithe, ar éifeachtacht na feidhmíochta náisiúnta maidir le bearta sriantacha a chur i bhfeidhm, agus aird á tabhairt, *inter alia*, ar thorthaí an idirphlé leis an earnáil phríobháideach³⁰.
116. Ba cheart torthaí na meastóireachtaí sin a mhalartú i bhfoirmiú RELEX/Smachtbhannaí, nuair is ábhartha.

E. Córais smachtbhannaí cothrománacha

117. Le déanaí, ghlac an tAontas Eorpach ‘córais smachtbhannaí cothrománacha’, mar a thugtar orthu, a bhfuil raon feidhme téamach acu. Ní dhéantar na córais sin a theormharcáil go geografach agus is féidir bearta sriantacha a fhorchur ar dhaoine aonair agus ar eintitis i leith gníomhaíochtaí a chomhlíonann critéir liostaithe shonracha, is cuma cá ndearnadh iad. Cumhdaítear leo réimsí na n-arm ceimiceach, na gcibirionsaithe, na sceimhlitheoireachta agus chearta an duine.

Airm cheimiceacha

118. Bunaíodh an córas sin in 2018. Is é is aidhm dó tacú le cur chun feidhme agus uilíochas an Choinbhinsiúin maidir le hAirm Cheimiceacha trí bheart sonrach a ghlacadh i gcoinne na ndaoine sin atá freagrach as airm cheimiceacha a leathadh nó a úsáid, tráth a mbeidh ionsaithe ceimiceacha ag dul i méid.
119. Is éard atá i gceist leis na bearta sriantacha reo sócmhainní, toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, agus toirmeasc ar theacht isteach san Aontas, i gcoinne daoine agus/nó eintiteas atá freagrach go díreach as airm cheimiceacha a fhorbairt agus a úsáid, chomh maith leo siúd a chuireann tacaíocht airgeadais, theicniúil nó ábhartha ar fáil do na daoine agus do na heintitis sin, agus dóibh siúd a thugann cúnamh, spreagadh nó a bhfuil baint acu leo.

³⁰ I gcomhréir le Moladh Uimh. 6 agus 7 de na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Maoiniú Leata a Chomhrac.

120. Bunaíodh an córas sin in 2019 agus ceadaíonn sé daoine aonair agus eintitis a ainmniú atá freagrach as cibirionsaithe nó a bhfuil baint acu le cibirionsaithe a chuireann an tAontas nó a Bhallstáit i mbaol.

Leis an gcóras sin, tá uirlis bhreise ag an Aontas chun cur lena athléimneacht agus lena chumas sláine agus slándáil an Aontais, a Bhallstát agus a chuid saoránach a chosaint ar chibearbhagairtí agus ar chibirghníomhaíochtaí mailíseacha. Is éard atá sna bearta sriantacha reo sócmhainní, toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil agus toirmeasc ar theacht isteach san Aontas do dhaoine agus/nó d'eintitis atá freagrach as cibirionsaithe nó iarrachtaí ar chibirionsaithe, chomh maith leo siúd a chuireann tacaíocht airgeadais, theicniúil nó ábhartha ar fáil do na hionsaithe sin agus dóibh siúd a thugann cúnamh, spreagadh, a éascaíonn iad nó a bhfuil baint acu leo.

An sceimhlitheoireacht

121. Cuireann dhá chóras ar chumas na Comhairle bearta sriantacha a dhéanamh i réimse na frithsceimhlitheoireachta.
122. Leis an gcóras a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht a glacadh in 2016, beidh an tAontas in ann bearta sriantacha uathrialacha a dhéanamh i gcoinne daoine aonair agus eintiteas a bhfuil nasc acu le ISIL/Da'esh nó Al Qaida. Roimhe sin, ní fhéadfaí na bearta sriantacha a chur i bhfeidhm ach maidir leo siúd atá liostaithe ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

D'fhonn Rún 1373(2001) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, bhunaigh an tAontas Eorpach, i mí na Nollag 2001, liosta daoine, grúpaí agus eintiteas a bhfuil baint acu le gníomhartha sceimhlitheoireachta agus atá faoi réir bearta sriantacha, a leagtar síos i gComhsheasamh 2001/931/CBES ('CP 931'). Le CP 931 leagtar síos na critéir maidir le liostú agus sainiú na gníomhaíochtaí ar gníomhartha sceimhlitheoireachta iad chun na gcríoch sin. Ní mór an cur ar an liosta den chéad uair a bheith bunaithe ar chinneadh ó údarás inniúil Ballstáit, nó ó thríú tír, maidir leis na daoine, na grúpaí nó na heintitis lena mbaineann.

123. Glacadh an córas sin in 2020 agus ceadáítear leis daoine aonair, eintitis agus comhlachtaí a ainmniú – lena n-áirítear gníomhaithe stáit agus neamhstáit – atá freagrach as sáruihte agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine.

Cumhdaítear leis, *inter alia*, cinethíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta, céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhanna nó táireach, sclábhaíocht, cur chun báis agus maruithe seachbhreithiúnacha, achomair nó treallacha, fuadaigh fhorfheidhmithe, coinneáil threallach agus gabhálacha treallacha, agus sáruihte nó mí-úsáidí tromchúiseacha eile ar chearta an duine. Ar an gcaoi sin, is féidir díriú go forleathan ar lucht déanta sáruihte agus mí-úsáidí mar sin, bíodh siad ina ndaoine aonair nó ina n-eintitis, ina ngníomhaithe stáit nó ina ngníomhaithe neamhstáit.

Is éard atá i gceist le bearta sriantacha reo sócmhainní, toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil agus toirmeasc ar theacht isteach san Aontas.

124. Tá gnéithe oibríochtúla na gcóras sin cosúil leis na córais gheografacha, mar a thugtar orthu, agus fanann na céimeanna éagsúla maidir le hainmniúchán, sainaithint agus comhlíonadh mar an gcéanna. Tá uirlisí an Choimisiúin (Caibidil V) fós ar fáil d'oibreoirí eacnamaíocha agus daonnúla chun léirmhíniú aonfhoirmeach a chinntiú do chách.